Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/7510

30.12.2024

**Teachtaireacht ó Rialtas Phoblacht na Polainne maidir le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón**

(C/2024/7510)

**Cuireadh poiblí chun tairiscint a dhéanamh ar lamháltas chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar 'Blok 208'**

ROINN I: BUNÚS DLÍ

1. Airteagal 49h(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2024, mír 1290)

2. Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le tairiscintí a dhéanamh ar lamháltais chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar fhosuithe hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus lamháltais chun hidreacarbóin a eastóscadh (Iris na nDlíthe 2015, mír 1171)

3. Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3; Eagrán speisialta sa Pholainnis: Caibidil 6, Imleabhar 2, lch. 262)

ROINN II: EINTITEAS AG LORG TAIRISCINTÍ

Ainm: An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil

Seoladh poist: ul. Wawelska 52/54, 00-922 Warszawa

Teil. +48 223692449; Facs: +48 223691100

Suíomh gréasáin: www.gov.pl/web/klimat

ROINN III: ÁBHAR AN NÓS IMEACHTA

1) **An cineál gníomhaíochta a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Lamháltas chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar 'Blok 208', mar chuid de bhloc lamháltais Uimh. 208.

2) **An limistéar ina mbeidh na gníomhaíochtaí le déanamh:**

Sainítear teorainneacha an limistéir a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana seo le línte lena gceanglaítear pointí leis na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

| Uimh. an Phointe | X [PL-1992] | Y [PL-1992] |
|---|---|---|
| 1 | 487 578,09 | 431 753,89 |
| 2 | 488 166,79 | 397 632,46 |
| 3 | 515 963,52 | 398 208,96 |
| 4 | 515 376,16 | 432 138,19 |

Is é 946,10 $km^2$ achar dromchla theilgean ceartingearach an limistéir a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana sin. Tá teorainn íochtarach an limistéir ag doimhneacht 5 000 m faoi leibhéal na talún (FLT).

Is é is aidhm do na hoibreacha atá le déanamh i bhfoirmíochtaí Carbónmhara agus Peirmeacha ola agus gás nádúrtha a dhoiciméadú sa limistéar ar a dtugtar tuairisc thuas, mar aon le hola agus gás nádúrtha a eastóscadh.

3) **Teorainn ama, nach lú ná 90 lá ó dháta foilsithe an fhógra, agus an áit chun tairiscintí a chur isteach:**

Ní mór tairiscintí a chur faoi bhráid cheanncheathrú na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil tráth nach déanaí ná 12:00 CET/CEST ar an lá deiridh den tréimhse 90 lá dar tús an lá tar éis dháta foilsithe an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4) **Sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana, lena n-áirítear na critéir mheastóireachta tairisceana agus sonraíocht a n-ualaithe, chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 49k den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta:**

Féadfaidh eintitis ar eisíodh cinneadh ina leith lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht tairiscintí a chur isteach, mar a fhoráiltear in Airteagal 49a(16)(1) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, go neamhspleách nó mar an oibreoir má tá roinnt eintiteas ag cur isteach ar an lamháltas i gcomhpháirt.

Déanfaidh an coiste meastóireachta tairiscintí meastóireacht ar na tairiscintí a gheofar ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

**30 %** - raon feidhme agus sceideal na n-oibreacha geolaíocha atá beartaithe, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíocha, nó oibríochtaí mianadóireachta;

**20 %** - raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croíleacáin druilirí;

**20 %** - inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;

**20 %** - an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus úsáid á baint as gnéithe nuálacha a forbraíodh don tionscadal sin;

**5 %** - inniúlachtaí teicniúla chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar fhosuithe hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus go háirithe infhaighteacht inniúlachtaí iomchuí teicniúla, eagraíochtúla, lóistíochta agus acmhainní daonna;

**5 %** - taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar fhosuithe hidreacarbóin nó ar hidreacarbóin a eastóscadh, lena n-áirithítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil.

Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar bhonn na gcritéar a shonraítear thuas, go mbronntar an scór céanna ar dhá thairiscint nó níos mó, úsáidfear méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú a bheidh dlite le linn chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta mar chritéar breise lena bhféadfar rogha deiridh a dhéanamh idir na tairiscintí lena mbaineann.

5) **Raon feidhme íosta na faisnéise geolaíochta:**

Nuair a chuirtear tairiscint isteach níl aon cheanglas ar an tairgeoir a léiriú go bhfuil sé de cheart aige faisnéis gheolaíochta a úsáid.

Nuair a théitear isteach i gcéim an eastósctha, tá sé d'oibleagáid ar ghnóthas fianaise a sholáthar lena léirítear go bhfuil sé de cheart aige faisnéis gheolaíochta a úsáid a mhéid is gá chun tabhairt faoina ghníomhaíochtaí.

6) **Dáta tosaigh na ngníomhaíochtaí:**

Cuirfear tús leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an lamháltas laistigh de 14 lá ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.

7) **Raon feidhme íosta oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta:**

Suirbhéanna geoifisiceacha 50 km (fad an líne fhlosctha) le tástálacha seismeacha 2T nó 25 km2 (an limistéar eastósctha) le tástálacha seismeacha 3T.

Tollpholl a dhruileáil go doimhneacht uasta 5 000 m (doimhneacht cheartingearach iarbhír – DCI), le croíleacú éigeantach na mbearnaí ionchasacha.

8) **An tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Is é 30 bliain an tréimhse lamháltais, lena n-áirítear:

1) céim shirtheoireachta agus thaiscéalaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana, dar tús an dáta a dheonaítear an lamháltas;

2) céim eastósctha d'fhad 25 bliana, dar tús an dáta a fhaightear cinneadh infheistíochta.

9) **Coinníollacha sonracha chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun sábháilteacht phoiblí, sláinte phoiblí, cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht réasúnach fosuithe a áirithiú:**

Cuirfear tús leis na suirbhéanna geoifisiceacha laistigh de 24 mhí ón dáta a dhéanfar an cinneadh críochnaitheach lena ndeonaítear an lamháltas.

Cuirfear tús leis na hoibríochtaí geolaíochta (druileáil tollpholl) laistigh de 42 mhí ón dáta a dhéanfar an cinneadh críochnaitheach lena ndeonaítear an lamháltas.

Ní mór nach sáródh cur chun feidhme chlár oibre an lamháltais cearta úinéirí talún agus ní chuireann sé deireadh leis an ngá le ceanglais eile a leagtar síos sa reachtaíocht a chomhlíonadh, go háirithe an Gníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, agus ceanglais maidir le pleanáil spásúil, cosaint an chomhshaoil, talamh talmhaíochta agus foraoisí, an nádúr, uiscí agus dramhaíl a chomhlíonadh, agus maidir le sábháilteacht phoiblí agus sláinte phoiblí a áirithiú.

Is í Catagóir C an chatagóir íosta taiscéalaíochta le haghaidh fosuithe ola agus gáis nádúrtha.

10) **Samhail-chomhaontú maidir le cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Tá an samhail-chomhaontú curtha i gceangal mar iarscríbhinn leis seo.

11) **Faisnéis maidir le méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Is é
PLN 268 162,58 (i bhfocail: dhá chéad seasca agus a hocht míle, céad agus seasca a dó zloty, caoga a hocht grosz) íosmhéid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú le haghaidh limistéar 'Blok 208' le linn na buntréimhse 5 bliana in aghaidh na bliana.

Tá téarmaí íocaíochta mionsonraithe le fáil san iarscríbhinn dá dtagraítear i bpointe 10.

12) **Faisnéis maidir leis na ceanglais atá le comhlíonadh ag tairiscintí agus na doiciméid a éilítear ó thairgeoirí:**

1. Ba cheart an méid seo a leanas a shonrú i dtairiscintí:

   1) ainm (ainm gnó) agus oifig chláraithe an tairgeora;

   2) ábhar na tairisceana, in éineacht le tuairisc ina sonrófar an limistéar ina mbeidh an lamháltas le deonú agus ina mbeidh cearta úsáide mianadóireachta le bunú;

   3) an tréimhse ina bhfuil an lamháltas le deonú, lena n-áirítear dáta tosaigh na ngníomhaíochtaí, agus fad na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta agus na céime eastósctha;

   4) aidhm, raon feidhme agus cineál oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus faisnéis maidir leis na hoibreacha atá le déanamh chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach agus maidir leis na teicneolaíochtaí atá le húsáid, mar aon leis an gcatagóir íosta taiscéalaíochta le haghaidh fosuithe;

   5) sceideal le haghaidh oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta agus raon feidhme na n-oibreacha sin;

   6) raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croíleacáin druilirí, dá dtagraítear in Airteagal 82(2)(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;

   7) cearta arna sealbhú ag an tairgeoir ar limistéar ina bhfuil sé beartaithe na gníomhaíochtaí a dhéanamh, nó an ceart a bhfuil an t-eintiteas sin ag cur isteach ar a bhunú;

   8) liosta de na limistéir a chumhdaítear le scéimeanna caomhnaithe nádúir; ní bhaineann an ceanglas seo le tionscadail a n-éilítear cead comhshaoil ina leith;

   9) an bealach a rachfar i ngleic le tionchair dhochracha chomhshaoil na ngníomhaíochtaí atá beartaithe;

   10) raon feidhme na faisnéise geolaíochta atá ar fáil don tairgeoir;

   11) taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar fhosuithe hidreacarbóin nó ar hidreacarbóin a eastóscadh, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú;

   12) inniúlachtaí teicniúla chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar fhosuithe hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh ar leithligh, agus go háirithe infhaighteacht inniúlachtaí iomchuí teicniúla, eagraíochtúla, lóistíochta agus acmhainní daonna;

   13) inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ar fhosuithe hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;

   14) an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;

   15) an méid na táille atá beartaithe chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú, nach lú é sin ná an méid a shonraítear san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana;

   16) má chuireann roinnt eintiteas tairiscint isteach i gcomhpháirt, ní mór an méid seo a leanas a shonrú freisin:

      a) ainmneacha (ainmneacha gnó) agus oifigí cláraithe gach eintitis a chuireann an tairiscint isteach;

      b) an t-oibreoir;

      c) na scaireanna céatadáin i gcostais oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, atá beartaithe sa chomhaontú comhair.

2. Leis na tairiscintí a chuirtear isteach i nós imeachta tairisceana ba cheart na ceanglais agus na coinníollacha a leagtar síos san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana sin a chomhlíonadh.

3. Tá na doiciméid seo a leanas le cur faoi iamh le tairiscintí:

   1) fianaise gur ann do na himthosca ar a dtugtar tuairisc sa tairiscint, go háirithe sleachta as na cláir ábhartha;

   2) cruthúnas gur taisceadh éarlais;

   3) cóip den chinneadh lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht, mar a fhoráiltear in Airteagal 49a(17) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;

   4) iarscríbhinní grafacha arna n-ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le léarscáileanna mianadóireachta, lena léirítear teorainneacha riaracháin na tíre;

   5) gealltanais scríofa chun acmhainní teicniúla a chur ar fáil don eintiteas a ghlacann páirt sa nós imeachta tairisceana má úsáidtear acmhainní teicniúla eintiteas eile agus an lamháltas á chur chun feidhme mar a fhoráiltear in Airteagal 49k(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;

   6) dhá chóip de chomhad tionscadail na n-oibríochtaí geolaíochta.

4. Féadfaidh tairgeoirí, ar a dtionscnamh féin, faisnéis bhreise a sholáthar ina dtairiscintí nó doiciméid bhreise a chur i gceangal leo.

5. Ba cheart bunchóipeanna nó fíorchóipeanna deimhnithe de na bunchóipeanna a bheith sna doiciméid a chuireann tairgeoirí isteach mar a fhoráiltear i gCód an Nós Imeachta Riaracháin. Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le cóipeanna de dhoiciméid atá le cur i gceangal le tairiscintí agus ar chruthaigh an t-údarás lamháltais iad.

6. Ba cheart doiciméid arna dtarraingt suas i dteanga iasachta a chur isteach in éineacht le haistriúchán i bPolainnis ó aistritheoir faoi bhrí mionna.

7. Tá tairiscintí le cur isteach i gclúdach séalaithe nó i bpacáiste séalaithe ar a mbeidh ainm (ainm gnó) an tairgeora agus ar a léireofar ábhar an nós imeachta tairisceana.

8. Déanfar tairiscintí a chuirtear isteach tar éis dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach a sheoladh ar ais chuig na tairgeoirí gan oscailt.

13) **Faisnéis maidir leis an mbealach chun éarlais a thaisceadh, méid na héarlaise agus an dáta íocaíochta:**

Ceanglaítear ar thairgeoirí éarlais PLN 1 000 a thaisceadh (i bhfocail: 1 000 zloty) roimh dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach.

## ROINN IV: FAISNÉIS RIARACHÁIN

1) **An coiste meastóireachta tairiscintí**

Ceapann an t-údarás lamháltais coiste meastóireachta tairiscintí chun an nós imeachta tairisceana a stiúradh agus an tairiscint is buntáistí a roghnú. Sonraítear comhdhéanamh agus rialacha nós imeachta an choiste sa Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le nósanna imeachta tairisceana le haghaidh lamháltas chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar fhosuithe hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus le haghaidh lamháltas chun hidreacarbóin a eastóscadh (Irisleabhar na nDlíthe 2015, mír 1171). Cuireann an coiste meastóireachta tairiscintí tuarascáil ar an nós imeachta tairisceana faoi bhráid an údaráis lamháltais lena formheas. In éineacht le tairiscintí agus na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta tairisceana, tá an tuarascáil oscailte d'eintitis eile a chuireann tairiscintí isteach.

2) **Soiléirithe breise**

Laistigh de 14 lá ó dháta foilsithe an fhógra, féadfaidh eintiteas leasmhar iarraidh ar an údarás lamháltais soiléirithe a sholáthar maidir leis na sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana. Laistigh de 14 lá ón iarraidh a fháil, foilseoidh an t-údarás lamháltais na soiléirithe in *Biuletyn Informacji Publicznej* (Feasachán Faisnéise Poiblí), ar leathanach na hoifige riaracháin atá faoi réir an údaráis sin.

3) **Faisnéis bhreise**

Tá faisnéis iomlán faoin limistéar a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana curtha i dtoll a chéile ag Seirbhís Geolaíochta na Polainne sa Phacáiste Sonraí Geolaíochta le haghaidh an nós imeachta tairisceana chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh sa limistéar tairisceana 'Blok 208' ('Pakiet danych geologicznych do postępowania przetargowego na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż. Obszar przetargowy "Blok 208"'), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag an seoladh seo a leanas: https://bip.mos.gov.pl/koncesje-geologiczne/przetargi-na-koncesje-na-poszukiwanie-rozpoznawanie-i-wydobywanie-weglowodorow/szosta-runda-przetargow-2022/

agus ó:

Departament Geologii [An Roinn Geolaíochta]
Ministerstwo Klimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil]
ul. Wawelska 52/54
00-922 Vársá, an PHOLAINN

Teil. +48 223692449; facs: +48 223691100

*IARSCRÍBHINN*

**COMHAONTÚ**

**lena mbunaítear cearta úsáide mianadóireachta maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe ola agus gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar 'Blok 208', dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta**

arna thabhairt i gcrích i Vársá an ..........................................................................................idir:

**an Státchiste, arna ionadú ag an Aire Aeráide agus Comhshaoil**, ............, dá ngairtear '**an Státchiste**' anseo feasta,

agus

(*ainm an ghnóthais*) a bhfuil a oifig chláraithe aige i …, cláraithe ar … faoi KRS (Clár na gCúirteanna Náisiúnta) Uimh. …, scairchaipitil …, arna ionadú ag …, dá ngairtear **'Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta'** anseo feasta,

dá ngairtear **'Páirtí'** ina n-aonar anseo feasta nó **'na Páirtithe'** i gcomhpháirt,

agus a léitear mar a leanas:

**Roinn 1**

1. An Státchiste, mar úinéir eisiach fhostrataim ghearb an Domhain a chumhdaíonn an limistéar laistigh de bhardais tuaithe Gniezno, Niechanowo, Łubowo, Strzałkowo, Orchowo, Powidz, Ostrowite, Słupca agus Kołaczkowo, agus na bardais tuaithe uirbeacha Witkowo, Czerniejewo, Września, Nekla agus Miłosław, agus na bailte Gniezno agus Słupca i gCúige Wielkopolskie, na teorainneacha díobh sin a shainítear le línte a cheanglaíonn pointe (1) go pointe (4) leis na comhordanáidí a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

| Uimh. an Phointe | Comhordanáidí | |
|---|---|---|
| | X | Y |
| 1 | 487 578,09 | 431 753,89 |
| 2 | 488 166,79 | 397 632,46 |
| 3 | 515 963,52 | 398 208,96 |
| 4 | 515 376,16 | 432 138,19 |

leis seo, bunaítear cearta úsáide mianadóireachta do Shealbhóir Cearta Úsáide Mianadóireachta sa limistéar ar a dtugtar tuairisc thuas, atá teoranta ón mbarr ag teorann íochtarach na réadmhaoine atá ar an dromchla agus teoranta ón mbun ag doimhneacht 5 000 m, ar choinníoll go bhfaigheann Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar 'Blok 208' laistigh d'aon bhliain amháin ón dáta ar a gcuirtear an Comhaontú i gcrích.

2. Mura gcomhlíontar an coinníoll maidir le lamháltas a fháil dá dtagraítear i mír 1, rachaidh na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú in éag.

3. Laistigh den limistéar carraigmhaise a shonraítear i mír 1, féadfaidh le Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta:

   1) i bhfoirmíochtaí Carbónmhara agus Peirmeacha, gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha;

   2) sa chuid eile den limistéar, aon oibríocht is gá a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na foirmíochtaí Carbónmhara agus Peirmeacha.

4. Is é 946,10 $km^2$ achar dromchla theilgean ceartingearach an limistéir ar a dtugtar tuairisc thuas.

5. Leis na cearta úsáide mianadóireachta, beidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta i dteideal an limistéar a shonraítear i mír 1 a úsáid ar bhonn eisiach le haghaidh sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ola agus gáis nádúrtha, chomh maith le gach gníomhaíocht is gá a theastaíonn a dhéanamh chun na críche sin laistigh den limistéar sin i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, go háirithe an Gníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011 (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2023, mír 633, arna leasú) agus cinntí arna n-eisiúint dá bhun.

**Roinn 2**

Dearbhaíonn an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta gan aon agóid a dhéanamh maidir le stádas fíorasach agus dlíthiúil ábhair na gceart úsáide mianadóireachta.

**Roinn 3**

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú ar an dáta a fhaightear lamháltas.

2. Bunófar na cearta úsáide mianadóireachta ar feadh tréimhse 30 bliain, lena n-áirítear 5 bliana do chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta agus 25 bhliain do chéim an eastóisctha, faoi réir Roinn 8(2) agus Roinn 10.

3. Rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag má théann an lamháltas in éag, má aistarraingeofar é nó má éiríonn sé neamhbhailí, gan beann ar an gcúis.

**Roinn 4**

Geallann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta fógra i scríbhinn a thabhairt don Státchiste faoi aon athrú a eascraíonn as athrú ar ainm, oifig chláraithe agus seoladh cláraithe, nó foirm eagraíochtúil, athruithe ar uimhreacha clárúcháin agus aitheantais, aistriú an lamháltais chuig eintiteas eile trí oibriú an dlí, achainí féimheachta a chomhdú, féimheacht a fhógairt nó imeachtaí athstruchtúraithe a thionscnamh. Féadfaidh an Státchiste a cheangal go gcuirfear na míniúcháin is gá ar fáil sna cásanna sin. Déanfar an fógra laistigh de 30 lá ón dáta a tharla na himthosca dá dtagraítear thuas.

**Roinn 5**

Beidh an Comhaontú gan dochar do chearta tríú páirtithe, go háirithe úinéirí talún, agus ní bheidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta díolmhaithe ón riachtanas maidir leis na ceanglais dá bhforáiltear leis an dlí a chomhlíonadh, go háirithe maidir leis na ceanglais a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht mianraí agus a bhaineann le hacmhainní comhshaoil a úsáid agus a chosaint.

**Roinn 6**

Forchoimeádann an Státchiste an ceart cearta úsáide mianadóireachta a bhunú laistigh den limistéar dá dtagraítear i Roinn 1(1) chun gníomhaíochtaí a dhéanamh seachas iad siúd a shonraítear sa Chomhaontú, ar bhealach nach sáraíonn cearta an tSealbhóra Ceart Úsáide Mianadóireachta.

**Roinn 7**

1. Íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta don Státchiste an táille a leanas le haghaidh na gceart úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) le haghaidh gach bliain de chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta de chearta úsáide mianadóireachta (a chomhairtear mar 12 mhí as a chéile):

   a) PLN ………(*an méid*) (*i bhfocail: …….. zlotys*) don ……… (*sonraigh i bhfocail an orduimhir*) an bhliain de na cearta úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide mianadóireachta sin;

   b) PLN ………(*an méid*) (*i bhfocail: …….. zlotys*) don ……… (*sonraigh i bhfocail an orduimhir*) an bhliain de na cearta úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

c) PLN ………(*an méid*) (*i bhfocail:* …….. *zlotys*) don ……… (*sonraigh i bhfocail an orduimhir*) an bhliain de na cearta úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

d) PLN ………(*an méid*) (*i bhfocail:* …….. *zlotys*) don ……… (*sonraigh i bhfocail an orduimhir*) an bhliain de na cearta úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

e) PLN ………(*an méid*) (*i bhfocail:* …….. *zlotys*) don ……… (*sonraigh i bhfocail an orduimhir*) an bhliain de na cearta úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

— faoi réir fhorálacha mhír 2.

2. Má thiteann dáta íocaíochta na táille do bhliain ar leith de chearta úsáide idir an 1 Eanáir agus an 1 Márta, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille faoin 1 Márta. Mar sin féin, má tá an táille faoi réir innéacsaithe i gcomhréir le mír 3 go mír 5, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta tráth nach luaithe ná an dáta a fhógraítear an t-innéacsú dá dtagraítear i mír 3, tar éis an t-innéacsú a chur san áireamh.

3. Déanfar an táille a shonraítear i mír 1 a innéacsú go dtí meáninnéacs bliantúil praghsanna do thomhaltóirí don tréimhse idir conclúid an chomhaontaithe go dtí an bhliain roimh dháta íocaíochta na táille, mar atá fógartha ag Uachtarán Oifig Staidrimh na Polainne in Iris Oifigiúil na Polainne (*Monitor Polski*). Má tá an t-innéacs seo do bhliain áirithe níos lú ná nó cothrom le náid, ní dhéanfar aon innéacsú don bhliain sin.

4. Má thiteann dáta íocaíochta na táille sa bhliain féilire chéanna inar cuireadh an Comhaontú i gcrích, ní dhéanfar an táille a innéacsú.

5. Má tugadh an Comhaontú i gcrích agus má bhí feidhm aige sa bhliain roimh an mbliain ina dtiteann dáta íocaíochta na táille, ní dhéanfar an táille a innéacsú má íocann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta é faoi dheireadh na bliana féilire ina dtugtar an Comhaontú i gcrích agus ina bhfuil feidhm aige.

6. Má chailleann Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta arna mbunú faoin gComhaontú roimh dhul in éag na teorann ama a shonraítear i Roinn 3(2), íocfaidh Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille don bhliain iomlán de na cearta úsáide ar cailleadh na cearta sin lena linn. Má chailltear na cearta úsáide mianadóireachta de thoradh ar tharraingt siar an lamháltais nó mar gheall ar na cúiseanna a shonraítear i Roinn 10(1), (3) nó (4), áfach, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille do thréimhse iomlán de na cearta úsáide a bhaineann le céim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna hinnéacsú i gcomhréir le mír 3 agus gan dochar don phionós conarthach dá dtagraítear i Roinn 10(2). Íocfar an táille laistigh de 30 lá ón dáta a cailleadh na cearta úsáide mianadóireachta. Ní scaoilfear le cailleadh na gceart úsáide an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta ó oibleagáidí comhshaoil a bhaineann le hábhar na gceart úsáide mianadóireachta, go háirithe oibleagáidí a bhaineann le cosaint fosuithe.

7. Íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille do na cearta úsáide mianadóireachta i gcuntas bainc na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag brainse Vársá de Bhanc Náisiúnta na Polainne, Uimh 07 1010 1010 0006 3522 3100 0000, agus an teachtaireacht seo a leanas ar an ordú aistrithe ag gabháil leis an íocaíocht sin: 'Ustanowienie użytkowania górniczego w związku z udzieleniem koncesji na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż w obszarze "Blok 208"' ('Bunú ceart úsáide mianadóireachta i ndáil le deonú lamháltais maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe ola agus gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gás nádúrtha i limistéar 'Blok 208').

Is é dáta na híocaíochta an dáta a chreidiúnófar cuntas an Státchiste.

8. Ní bheidh an táille a shonraítear i mír 1 faoi réir cánacha ar earraí agus seirbhísí (CBL). Má leasaítear reachtaíocht agus, mar thoradh air sin, má tá na gníomhaíochtaí is ábhar don Chomhaontú faoi réir cánachais, nó má athraíonn an tuiscint ar an reachtaíocht agus an toradh air sin go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir CBL, méadófar méid na táille faoi mhéid na cánach atá dlite.

9. Tabharfaidh an Státchiste fógra i scríbhinn don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta maidir le hathruithe ar an uimhir chuntais dá dtagraítear i mír 7.

10. Beidh an táille le haghaidh bhunú na gceart úsáide mianadóireachta le híoc leis an Státchiste gan beann ar an ioncam a thuilleann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta ó úsáid na gceart sin.

11. Seolfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta cóipeanna de chruthúnas íocaíochta na táille dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh bhunú na gceart úsáide mianadóireachta chuig an Státchiste laistigh de 7 lá ón dáta íocaíochta.

**Roinn 8**

1. Tar éis don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta cinneadh infheistíochta a fháil lena sonraítear na coinníollacha maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha, déanfaidh na Páirtithe, laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh sin, aguisín a ghabhann leis an gComhaontú a shíniú lena sonraítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe le linn na céime eastósctha agus méid na táille le haghaidh cearta úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) do gach bliain de chearta úsáide mianadóireachta le linn na céime eastósctha.

2. Más rud é, laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh infheistíochta lena sonraítear na coinníollacha maidir le heastóscadh ola nó gáis nádúrtha, nach bhfuil an t-aguisín dá dtagraítear i mír 1 tugtha i gcrích, rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag.

**Roinn 9**

Féadfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta a bhunaítear i Roinn 1(1) a fheidhmiú nuair a bheidh toiliú i scríbhinn faighte ón Státchiste.

**Roinn 10**

1. Má sháraíonn an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí arna leagan síos sa Chomhaontú, féadfaidh an Státchiste, faoi réir na bhforálacha i míreanna 3 agus 4, an Comhaontú a fhoirceannadh láithreach, gan an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta a bheith i dteideal aon éileamh a dhéanamh ar mhaoin. Ní fhéadfaidh an Comhaontú a fhoirceannadh áfach má sháraigh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí faoin gComhaontú i gcás *force majeure*.

2. Má fhoirceanntar an Comhaontú ar na cúiseanna a shonraítear i mír 1 nó mír 4, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta pionós conarthach de 25 % den táille do chéim iomlán na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta de na cearta úsáide mianadóireachta leis an Státchiste, mar a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le Roinn 7(3).

3. Má chuireann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta moill de bhreis agus 7 lá níos mó ná na sprioc-amanna a shonraítear i Roinn 7(1) nó (2) ar íocaíocht na táille, iarrfaidh an Státchiste go n-íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille gan íoc laistigh de 7 lá ón iarratas a fháil, agus mura ndéanfaidh sin, foirceannfar an Comhaontú láithreach.

4. Mura dtugann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta fógra don Státchiste maidir leis na teagmhais dá dtagraítear i Roinn 4 laistigh de 30 lá ón tráth a tharla siad, féadfaidh an Státchiste pionós conarthach de 5 % den táille do chéim iomlán na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta den cheart úsáide mianadóireachta a fhorfheidhmiú maidir le gach cás nár soláthraíodh faisnéis, nó féadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh ina iomlán nó ina pháirt, faoi réir fógra 30 lá atá éifeachtach ag deireadh na míosa féilire.

5. Beidh an Comhaontú ina cheangal ar an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta go dtí an dáta éaga, an dáta tarraingthe siar nó dáta neamhbhailíochta an lamháltais agus ní fhéadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh.

6. Foirceannfar an Comhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh an foirceannadh neamhbhailí.

7. Aontaíonn na Páirtithe, i gcás ina bhfoirceannann an Státchiste an Comhaontú, nach n-aisíocfar an táille a íocadh as na cearta úsáide mianadóireachta dá dtagraítear i Roinn 7(1).

8. Forchoimeádann an Státchiste an ceart chun cúiteamh a iarraidh, is é sin cúiteamh de bhreis ar an méid pionós conarthach ar théarmaí ginearálta má sháraíonn méid an damáiste arna thabhú ag an Státchiste na pionóis chonarthacha.

**Roinn 11**

1. Tá na sonraí teagmhála seo a leanas curtha ar fáil ag na Páirtithe le haghaidh teagmhála:

   1) Státchiste:

      Ministerstwo Kimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil], ul. Wawelska 52/54, 00-922 Warszawa;

   2) An Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta:

      *(seoladh).*

2. Ceanglaítear ar na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn gan mhoill maidir le haon athrú ar na sonraí conartha a thugtar le fios i mír 1. Ní gá aguisín a chur leis an gComhaontú de bharr athrú den sórt sin. I gcás ina seolfar comhfhreagras chuig na sonraí teagmhála is déanaí a cuireadh ar fáil ag Páirtí, measfar gur tugadh é go héifeachtach don Pháirtí eile.

3. Seolfaidh gach ceann de na Páirtithe comhfhreagras don Pháirtí eile go pearsanta, le cúiréir nó le litir chláraithe agus úsáidfear na sonraí teagmhála is déanaí a chuir an Páirtí ar fáil.

4. I gcás litreacha cláraithe a seoladh chuig seoladh an Pháirtithe, is é sin an seoladh is déanaí a cuireadh ar fáil, agus a seoladh ar ais chuig oifig an phoist nó chuig comhlacht cúiréara mar gheall nach raibh sé bailithe in am ag an seolaí, caithfear leo amhail gur tugadh iad go héifeachtach don Pháirtí eile a luaithe a bheidh 14 lá istigh ón gcéad iarracht iad a sheachadadh.

**Roinn 12**

1. Ní bheidh na páirtithe faoi dhliteanas maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú a eascraíonn as *force majeure* más féidir a chruthú go raibh tionchar ag damáiste mar gheall ar *force majeure* ar an mainneachtain na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Ciallóidh '*force majeure*' teagmhas seachtrach nárbh fhéidir le Páirtithe a thuar ná a sheachaint, teagmhas a fhágann nach féidir an Comhaontú a chur chun feidhme ina iomláine nó i bpáirt, go buan nó ar feadh tréimhse faoi leith, teagmhas nárbh fhéidir leis an bPáirtí cur ina aghaidh trí dhícheall cuí a fheidhmiú agus teagmhas nár eascair earráidí nó faillí ó thaobh an Pháirtí atá thíos leis as.

2. I gcás *force majeure*, déanfaidh na Páirtithe a seacht ndícheall teacht ar phlean gníomhaíochta láithreach.

**Roinn 13**

Féadfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama a chur leis an gComhaontú, ina iomláine nó i bpáirt, agus ní mór dó é sin a dhéanamh i scríbhinn, agus mura ndéanann sé an méid sin beidh an t-iarratas neamhbhailí.

**Roinn 14**

Má fhoirceanntar an Comhaontú, ní bheidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta i dteideal aon éileamh a dhéanamh in aghaidh an Státchiste maidir le méadú ar luach ábhar na gceart úsáide mianadóireachta.

**Roinn 15**

Réiteofar aon díospóid a eascraíonn as an gComhaontú tríd an ngnáthchúirt a bhfuil dlínse geografach aici ar shuíomh an Státchiste.

**Roinn 16**

Rialófar an Comhaontú seo le dlí na Polainne, go háirithe forálacha an Ghnímh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta agus forálacha an Chóid Shibhialta.

**Roinn 17**

Cumhdóidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na costais a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

**Roinn 18**

Déanfar leasuithe ar an gComhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh na leasuithe sin neamhbhailí.

**Roinn 19**

Rinneadh trí chóip den Chomhaontú atá díreach mar an gcéanna (cóip amháin don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta agus dhá chóip don Státchiste).

**Státchiste** **An Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta**